



## An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

### Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 2 2013

#### LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 29 Lúnasa 2013

##### Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 2 2013	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,869,900	+ 33,800
Dífhostaithe	300,700	- 22,200
Sa Lucht Saothair	2,170,700	+ 11,500
Níl sa Lucht Saothair	1,415,600	- 16,300

##### Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 1.1% nó 33,800 sa bhliain chuig an dara ráithe de 2013, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,869,900.
- Ar bhonn choigeartú séasúrach, tháinig méadú 9,600 (+0.5%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann sé seo ar aghaidh ó méadú coigeartaithe séasúraigh de chuid 9,000 (+0.5%) i bhfostaíocht i R1 2013.

##### Líon na nDaoine Dífhostaithe

- Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 13.8% go 13.7% i gcaitheamh na ráithe.
- Laghdaigh dífhostaíocht faoi 22,200 (-6.9%) sa bhliain go R2 2013, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 300,700.
- Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 9.2% go 8.1% i gcaitheamh na bliana go R2 2013. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 58.2% den dífhostaíocht iomlán i R2 2013 i gcomparáid le 61.8% bliain roimhe sin agus 56.1% sa dara ráithe den bhliain 2011.

##### Lucht Saothair

- Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa dara ráithe den bhliain 2013 cothrom le 2,170,700, arb ionann é agus méadú de chuid 11,500 (+0.5%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R2 2013 agus 1,415,600, laghdú de chuid 16,300 (-1.1%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
information@cs0.ie  
www.cs0.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise dean teagmháil le  
Brian Ring ag 021-453 5747 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491  
Facs 021 453 5492  
R-phost [labour@cs0.ie](mailto:labour@cs0.ie)

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*29ú Lúnasa 2013*

**– CRÍOCH –**